Fothoghchán an tSeanaid, Márta 2022

Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí chuig an gCeann Comhairle
de bhun an Achta Toghcháin 1997

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teil: (01) 639 5666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Deireadh Fómhair 2022

Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seo maidir leis na sintúis ag fo-thoghchán an tSeanaid na bliana 2022 a chur faoi bhráid an Cheann Comhairle, de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997 (an tAcht).

Cuireadh ráitis na síntiús agus na dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin (an Coimisiún) de bhun alt 24 den Acht. Cuireadh deimhnithe na síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus na ráitis ó na hinstitiúidí airgeadais ar fáil de bhun alt 23B den Acht.

Tá an mhionfhaisnéis faoi riachtalais na reachtaíochta a bhaineann le:

- nochtadh na síntiús polaitíochta,
- teorainneacha ar luachanna na síntiús a bhféadfar glacadh leo,
- sintiúis coiscithe, agus
- riachtanais an imréitigh cánaigh

le feiceáil i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Fo-thoghchán an tSeanaid i mí Márta na bliana 2022 atá ar fáil ag www.sipo.ie.



_____

Garrett Sheehan

Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Deireadh Fómhair 2022

Caibidil 1: Intreoir

D’fhógair Darragh O’Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an 27 Eanáir 2022 ordú go dtionólfaí fo-thoghchán d'fhonn folúntas i Seanad Éireann a líonadh. D’eascair an folúntas as Ivana Bacik TD a thoghadh do Dháil Éireann. Ba iad na na toghthóirí ná céimithe de chuid Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Tháinig deireadh leis an an vótáil ag 11rn Dé Céadaoin an 30 Márta 2022.

Forálann an tAcht nochtadh na síntiús do gach iarrthóir ag fo-thoghchán an tSeanaid. Níl aon teorainn ar an gcaiteachas i dtoghcháin an tSeanaid.

Bhí ar gach iarrthóir nár éirigh leis ag fo-thoghchán an tSeanaid, laistigh de 56 lá ó dheireadh na vótála (sé sin, an 25 Bealtaine 2022), ráiteas an síntiúis agus na doiciméid a ghabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún. Bhí orthu gach síntiús ar luach os cionn €600 a nochtadh.

Mar chomhalta de Sheanad Éireann, ní mór don iarrthóir rathúil ag an bhfo-thoghchán ráiteas bliantúil na síntiús agus na doiciméid a ngabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2023 mar chuid de thimthriall an nochtaithe bhliantúil atá i bhfeidhm do gach chomhalta an Oireachtais. Ní mór na sonraí a mbaineann le gach sintús a fuarthas le linn na bliana 2022 a leagan síos i ráiteas seo na síntiús, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas i leith an fho-thoghchán.

Mar sin, ní phléann an tuarascáil seo ach amháin le síntiúis a nochtadh ó na hiarrthóirí siúd nár éirigh leo sa toghchán.

Thug an Coimisiún aird ar na treoirlínte a d'eisigh sé roimh fho-thoghchán an tSeanaid agus scrúdaigh sé gach ráiteas a fuarthas d'honn comhlíontacht na dtreoirlínte agus na reachtaíochta a chinntiú.

Caibidil 2: Nochtadh na sintús ag na harrthóirí nár éirigh leo

2.1 Ráitis na síntiús agus deimhnithe síntiúis an airgid a fuarthas ó na hiarrthóirí nár éirigh leo

Ní mór do gach iarrthóir nár éirigh leis ráiteas na síntiús a thabhairt don Choimisiún laistigh de 56 lá tar éis lá na vótaíochta. Ní mór na sonraí a líonadh isteach i ráiteas na síntiús maidir le gach síntiús a fuarthas i leith an toghcháin ar luach os cionn €600 é.

Ní mór deimhniú an tsíntiús airgid a chur ar fáil don Choimisiún freisin laistigh de 56 lá tar éis lá na vótaíochta, á dheimhniú gur taisceadh gach síntiús airgid a fuarthas i gcuntas síntiús polaitíochta an iarrthóra agus gur úsáideadh gach suim a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Ní mór don iarrthóir an deimhniú síntiús airgid agus ráiteas na síntiús a shíniú agus dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas ó institiúid airgeadais a ghabháil leis.

Bhí ar na hiarrthóirí seo a leanas a gcuid ráitis na síntiús agus a gcuid deimhnithe síntiús airgid críochnaithe a sheoladh ar ais chuig an gCoimisiún faoin 25 Bealtaine 2022:

Eoin Barry
Ray Bassett
Hazel Chu
Maureen Gaffney
Hugo MacNeill
Aubrey McCarthy
Michael McDermott
Patricia McKenna
Sadhbh O'Neill
Ali O'Shea
Ryan Alberto Ó Giobúin
Ade Oluborode
Ursula Quill
Paula Roseingrave
Gisèle Scanlon
Catherine Stocker

îXî E •]·vš]• v} Zš Z

Z]vv v }]u]•]·v uZ • Œ]š]• v •_vš]·• šZµP P Z vv
]Œ]PZ orš}Z}PP Z{}Z v v š^ v] X

PµŒ ( ]]Œ o Z] ŒŒšZ•]Œ_ •_vš]·]• oµ Z v_}• o· (Z]
}vv š]Œ• Z v Œ Z]šZ Œ Zš·]o ZµŒ Œ ( ]o }v Z}
o]Œ_}vv v u] vv š o PšZ u Z • šµ Œ •]o • } Z v
(µ ŒšZ • Z_ }•]}vv š]Œ• Z v Œ Z]šZ U Pµ• v_ šZµP
•_vš]·(µ ŒšZ •X

^ Z •]v Z( ]PZš Œ •_vš]·• š }•]}vv v š }Œ vv]šZ
Pµ• ~]]• v ZšU P} P]šZ(Œ v •_vš]·• šZ Z]Œš Œ]
•_vš]·•]ŒP] U v Zµ] š }•]}vŒ v]•š }Œ v}vš•šZŒUZ]Œ
o]•š]PZ íð o š Œ]• (Z]oX E_ u•Œ š](• Œ_}(v]•
Œ ( ]o }v Z}]u]•]·vU u • P V v•]šZ(] Z ( ]PZš }]Œ v š•_v
v }o • o]•š]PZ íð o P}··Z(PµŒšZ •_vš]·•_vš•] oµ Z v š•_v
šZ Œ ZµŒ Zµ]P v P }]u]•]·vX / P • •_vš]·•]ŒP] U v_ u•Œ
š }Œ]vv šZ Z]Œš Œ]•X

&µ]Œ] ŒŒšZ•]Œ uZ]v v Œ]Œ]PZ o]• • š}PZ Z v •_vš]··
Z]šZµ]XŒ Z o]šZ]]v]·o }v] ŒŒšZ•]Œ Pµ• u}o Z •
Œ]•X

–]}v vv v •_vš]·•]v(Z•P ŒšZ v} Zš v Z] ŒŒšZ•]Œ_ v Œ]
u Œ š oµ]š • š o • } o v •X

d o íW ^_vš]·]•]ŒŒ(vZ•P}ŒšZ Z P v Z] ŒŒšZ•]Œ_ v Œ

Iarrthóir	Páirtí	Líon na sintiús	Luach na sintiús €	Sintuis a tugadh ar ais €
•• šš U Z Ç	E uZ•‰o	í	íUîì	îìì
D ŒšZÇU	E uZ•‰o	î	îUìì	rr
K[E]ooU ^	E uZ•‰o	í	íUìì	rr
Yµ]ooU hŒ•	E uZ•‰o	í	óñì	--
^š} l ŒU š	E uZ•‰o	î	îUìì	rr
Iomlán			**6,950**	**200**

Caibidil 3: Foilsiú ráitis na síntiús a cuireadh ar fáil don Choimisiún

De réir alt 24(7)(a) den Acht, tá cóip leictreonach de gach ráiteas na síntiús a fuair an Coimisiún ó na hiarrthóirí nár éirigh leo ag fo-thoghchán an tSeanaid curtha faoi bhráid gach Teach an Oireachtais.

Tá ráitis na síntiús a fuarthas ar fáil anois ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus den phreasráiteas a ghabhann leis ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ní gá deimhnithe na síntiúis airgid, na ndearbhuithe reachtúla agus na ráitis bhainc a ngabhann leo a leagan faoi bhráid na dTithe agus níl siad ar fáil lená n-iniúchadh ag an bpobal de réir Alt 23B(8) den Acht Toghcháin 1997.